# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## Miontuairiscí

| | |
|---|---|
| **Dáta:** | **28 Bealtaine 2025** |
| **Leithscéalta:** | Eiméar Mhic Íomhair<br>Bernadette Ní Dhuibhir<br>Blaine Ó Maolagáin<br>Helen Uí Cheallaigh |
| **Freastal ar an chruinniú:** | Pádraig Mac An Bhiocaire<br>Seán Mac Aodha<br>Raghnall Ó Cuinn<br>Caitlín Uí Chochláin |
| **Rúnaí:** | Seán Mac Suibhne |
| **Rúnaí Taifeadta:** | Mairéad Uí Dhochartaigh |

| | |
|---|---|
| **1** | **Fáilte & Toghadh Chathaoirligh Ghníomhach**<br><br>Toghadh  Pádraig Mac An Bhiocaire mar Chathaoirleach ghníomhach don chruinniú seo. Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den Bhord chuig an chruinniú dheireanach sa scoilbhliain seo. |
| **2** | **Miontuairiscí ón chruinniú dheireanach**<br><br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 9 Aibreán 2025, molta ag Pádraig Mac An Bhiocaire, cuidithe leis ag Raghnall Ó Cuinn. |
| **5**<br><br><br>**5.1**<br><br><br>**5.2** | **<u>Tuarascáil an Phríomhoide</u>**<br>Eisíodh an tuairisc seo roimh an chruinniú.<br><br>Ionad Tionóil Dóiteáin: bhí an chéad chleachtadh dóiteáin againn ar pháirc pheile na scoile, láthair úr tionóil dóiteáin.<br><br>**Imeachtaí agus Éachtaí**<br><br>5.4. 01/05/2025: 5k Coláiste Ailigh<br>5.5. 08/05/2025: Turas IB chuig Cnoc Mhuire<br>5.6. 09/05/2025: Lá na gCluichí<br>5.7. 15/04/2025: Bronnadh na nDuaiseanna<br>5.8. 16/05/2025: Ceiliúradh na hIdirbhliana<br>5.9. 22/05/2025: Ceiliúradh na 6ú bliana<br>5.10. 26/05/2025: Scrúduithe an tSamhraidh<br>Féilire Scoile 'beo' ar www.colaisteailigh.ie |
| **9** | **Sláinte agus Sábháilteacht**<br>Measúnú Riosca - déanta ag foireann na scoile. |

| | |
|---|---|
| **11a** | **Teagasc agus Foghlaim**<br><br>Tá scrúduithe tí don chéad, dara agus cúigiú bliain ar siúl faoi láthair, agus tá múinteoirí ag ullmhú tuairiscí Samhraidh do dhaltaí na chéad, dara, cúigiú agus Idirbhliana. |
| **11b** | **Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile**<br>Glacadh leis an tuairisc fhéinmheastóireacht Scoile 2024-2025. Thug an Príomhoide buíochas do Phroinsias Mac A'Bhaird a stiúir an próiseas sa scoil, agus thréaslaigh an Cathaoirleach Máistir Mac A'Bhaird as tuairisc phroifisiúnta chuimsitheach a scríobh. |
| **11c** | **Tuarascáil Bhliantúil**<br>Eisíodh cóip den tuairisc seo roimh ré, agus pléadh é ag an chruinniú. |
| **12** | **Polasaithe Scoile**<br>Bí-Cineálta<br>Eisíodh cóip den pholasaí roimh ré, agus glacadh leis an pholasaí. Aithnítear go bhféadfá athrú bheith ar an pholasaí seo nuair a fhoilsíonn an Roinn Oideachais treoirlínte nua do Chóid Iompar Scoile. |
| **15** | **Tuarascáil an Fhochoiste Scoile**<br>Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí - eisithe agus léite ag an chruinniú.<br>Tuarascáil Chomhairle na nDaltaí - eisithe agus léite ag an chruinniú. |
| **16** | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br>Éiteas - d'fhreastail daltaí ar chruinnithe éitis i mbliana, céim mhaith chun tosaigh chun na bunluachanna éitis a neartú i measc pobal na scoile. |